**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2024/2057(INI)**

10.10.2024

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar mholadh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais don 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan
(2024/2057(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Lina Gálvez

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA.....3

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....7

# DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais don 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan**
**(2024/2057(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do dhearbhú na Náisiún Aontaithe an 15 Meán Fómhair 1995 dar teideal ‘Dearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising’ agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint don tuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an 13 Nollaig 2019 chuig Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan dar teideal *‘Review and appraisal of the implementation of the Beijing Declaration and Platform for Action and the results of the twenty-third special session of the General Assembly’* [Athbhreithniú agus measúnú ar chur chun feidhme Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus torthaí an 23ú seisiún speisialta den Chomhthionól Ginearálta],

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Samhain 2020 dar teideal ‘Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP): clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais’ (JOIN(2020)0017) agus an doiciméad inmheánach oibre comhpháirteach a ghabhann leis an 25 Samhain 2020 dar teideal ‘Cuspóirí agus Táscairí chun cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne (2021-25) a cheapadh’ (SWD(2020)0284),

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne[1],

– ag féachaint don rún uaithi an 11 Feabhra 2021 maidir le dúshláin amach anseo i ndáil le cearta na mban san Eoraip: breis agus 25 bliana i ndiaidh Dhearbhú Bhéising agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising[2],

– ag féachaint don fhaisnéisiú dar teideal ‘Dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 (SDG 5): Comhionannas inscne a bhaint amach agus mná agus cailíní a chumhachtú’, a d’fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh an 18 Meán Fómhair 2024,

– ag féachaint do thuarascáil Mhná na Náisiún Aontaithe agus Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe ó mhí Mheán Fómhair 2024 dar teideal ‘Dul chun cinn maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: An Léargas ar Inscne 2024’,

[1] IO C 347, 9.9.2022, lch. 150.
[2] IO C 465, 17.11.2021, lch. 160.

– ag féachaint do Riail 121 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A10-0000/2024),

A. de bhrí gur bunphrionsabal de chuid AE é an comhionannas idir mná agus fir, agus de bhrí nach mór gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a bheith faoi threoir an phrionsabail sin;

B. de bhrí nach amháin gur cearta bunúsacha an duine iad cearta daonna agus comhionannas inscne na mban, ach gur réamhchoinníollacha iad chun forbairt a chur chun cinn agus chun an bhochtaineacht a laghdú, agus gur bonn riachtanach iad do dhomhan síochánta, rathúil agus inbhuanaithe;

C. de bhrí gur gheall 189 rialtas ar fud an domhain, lena n-áirítear an tAontas agus a Bhallstáit, oibriú i dtreo comhionannas inscne agus gach bean agus cailín a chumhachtú ag an gCeathrú Comhdháil Dhomhanda 1995 ar Mhná i mBéising;

D. de bhrí gurb é Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising an clár oibre domhanda is cuimsithí chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus go meastar gurb é ‘Bille Idirnáisiúnta um Chearta’ an bille do mhná, lena sainmhínítear cearta na mban mar chearta an duine agus lena gcuirtear in iúl fís de chearta comhionanna, saoirse chomhionann agus deiseanna comhionanna do mhná uile ar domhan, agus gur athdhearbhaíodh é in 2015 le Sprioc 5, ‘Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus na cailíní uile a chumhachtú’, de na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, trí spriocanna agus bearta nithiúla a shonrú ar fud raon na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar mhná agus ar chailíní;

E. de bhrí, díreach sé bliana roimh spriocdháta 2030 do SDGanna na Náisiún Aontaithe, nár baineadh amach go hiomlán táscaire aonair faoi Sprioc 5; de bhrí go measann na Náisiúin Aontaithe go bhfuil gá le gníomhaíochtaí radacacha chun dlús a chur leis an dul chun cinn agus chun nach dtógfaidh sé 286 bliana chun bearnaí sa chosaint dhlíthiúil a dhúnadh agus chun deireadh a chur le reachtaíocht idirdhealaitheach do mhná;

F. de bhrí go dtugtar chun suntais i staidéar 2024 ó na Náisiúin Aontaithe[3] maidir leis an meastóireacht ar SDG 5 go bhfuil noirm shóisialta fós ann lena ndéantar foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a dhlisteanú, rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte a laghdú, cúram neamhíoctha agus obair tí a shannadh do mhná amháin agus deiseanna ceannaireachta a shrianadh;

G. de bhrí gur thug Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rabhadh faoin bhfrithsheasmhacht ghníomhach i gcoinne dul chun cinn sa chomhionannas inscne agus faoin bhfrithfhreagairt thrasnáisiúnta atá ag dul i méid i gcoinne chearta na mban; de

[3] Na Náisiúin Aontaithe, *An bhfuil muid nach mór ann? Sintéis ar mheastóireachtaí chóras na Náisiún Aontaithe ar SDG 5*, mí an Mhárta 2024, https://www.unwomen.org/ga/digital-library/publications/2024/03/are-getting-there-a-synthesis-un-system-evaluations-of-sdg-5.

bhrí go bhfuil gá soiléir práinneach le comhionannas substainteach agus cearta daonna na mban agus na gcailíní a athdhearbhú[4];

1. ag moladh an mhéid seo a leanas don Chomhairle:

(a) a tiomantas do Dhearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus don réimse gníomhaíochtaí maidir le cearta an duine agus comhionannas inscne do mhná a dheimhniú, ar a ndéantar cur síos anseo; a tiomantas do chearta daonna na mban a dheimhniú, trí phríomhshruthú inscne i ngach réimse agus timthriall beartais, do ghníomhaíochtaí sonracha agus spriocdhírithe a chur chun feidhme maidir le cearta an duine agus comhionannas inscne na mban, agus chun buiséadú cuí inscne a áirithiú;

(b) a áirithiú go ndéanfar comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun feidhme go hiomlán agus go bródúil i ngach gné de ghníomhaíocht sheachtrach AE trí chur chuige atá cistithe go leormhaith, claochlaitheach ó thaobh inscne de, cuimsitheach agus trasnach;

(c) rannpháirtíocht iomlán na Parlaiminte agus a Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne a áirithiú sa phróiseas cinnteoireachta maidir le seasamh an Aontais ag an 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan (10-25 Márta 2025); a áirithiú go mbeidh faisnéis agus rochtain leormhaith thráthúil ag an bParlaimint ar dhoiciméad seasaimh an Aontais roimh na caibidlíochtaí; agus comhar idirinstitiúideach agus comhairliúchán neamhfhoirmiúil a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear roimh chaibidlíochtaí agus lena linn, ionas go ndéanfar tosaíochtaí na Parlaiminte a ionchorprú go cuí;

(d) machnamh cuí a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus ar na céimeanna ar gcúl, a tháinig chun cinn i gcur chun feidhme Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising;

(e) borradh a chur arís faoi iarrachtaí an Aontais na dúshláin atá fós ann maidir le cur chun feidhme iomlán Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a shárú; a áirithiú go dtabharfaidh an tAontas dea-shampla trí bhearta láidre beartais a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas inscne ina chineálacha uile, chun é a chomhrac agus chun é a réamh-mheas, agus chun mná ina n-éagsúlacht uile a chumhachtú;

(f) á athdhearbhú go bhfuil ról tábhachtach ag an Aontas maidir le domhan comhionann inscne a bhaint amach trí thacú le tíortha comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú inscne; a áirithiú ar an Aontas dea-shampla a thabhairt trína thathant ar na cúig Bhallstát, nach bhfuil Coinbhinsiún Iostanbúl daingnithe ná curtha chun feidhme acu fós, é sin a dhéanamh laistigh den aga ama is giorra is féidir;

(g) comhionannas deiseanna a éileamh do chách i ngach réimse den saol, chun ligean do mhná ina n-éagsúlacht uile a gcumas a bhaint amach, go háirithe sa

[4] Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, *Géarú na frithfhreagartha i gcoinne an chomhionannais inscne agus an phráinn a bhaineann le comhionannas substainteach agus cearta daonna na mban agus na gcailíní a athdhearbhú: Tuarascáil ón Meitheal maidir le hidirdhealú in aghaidh na mban agus na gcailíní*, an 15 Bealtaine 2024, https://documents.un.org/doc/undoc/gen/g24/073/47/pdf/g2407347.pdf.

chinnteoireacht, bíodh sé sin polaitiúil, eacnamaíoch, acadúil nó cultúrtha, rud atá bunriachtanach freisin don dea-rialachas agus don cheapadh beartas; sa chomhthéacs sin, a chur in iúl go bhfuil sí i gcoinne foréigean séimeantach in aghaidh na mban sa pholaitíocht, lena gcothaítear agus lena dtreisítear steiréitíopaí diúltacha faoi mhná agus lena ndíspreagtar mná óga ó dhul isteach sa pholaitíocht agus sa réimse poiblí;

(h) béim a chur ar an bhfíoras gur sainaithníodh ceannaireacht pholaitiúil lag, easpa tiomantais, bearnaí sonraí, infheistíocht neamhleor, agus teacht chun cinn gluaiseachtaí frithchearta mar bhacainní; fágann sé sin gur gá tuilleadh ban a chur chun cinn sa cheannaireacht, infheistíocht a mhéadú, agus athchóirithe cuimsitheacha beartais a chur chun feidhme chun na bacainní sistéamacha sin a shárú agus chun sochaí atá cothrom go hiomlán a bhaint amach;

(i) príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a chur i bhfeidhm i réimsí beartais uile an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíocht sheachtrach, agus dea-shampla a thabhairt i ndáil leis sin;

(j) gealltanas a thabhairt measúnú leanúnach agus gníomhaíocht cheartaitheach réamhghníomhach a dhéanamh i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais maidir le comhionannas inscne, príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne;

(k) á iarraidh ar an gCoimisiún pleananna agus gníomhaíochtaí nithiúla dea-mhaoinithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar SDGanna na Náisiún Aontaithe, go háirithe iad siúd a bhaineann le comhionannas inscne;

(l) a bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhrac domhanda i gcoinne na frithfhreagartha a bhí ann i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban;

(m) tathant ar an gCoimisiún bailiú sonraí atá dídheighilte ó thaobh inscne de a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh agus a áirithiú go rannchuideoidh na sonraí sin le ceapadh beartas níos fearr; chomh maith leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a threisiú ó thaobh cistiúcháin de agus ó thaobh acmhainneachta de;

(n) GAP III AE a chur chun feidhme gan mhoill agus a mhéid is féidir, agus a áirithiú go gcuirfidh 85 % de na gníomhaíochtaí nua uile le linn an chaidrimh sheachtraigh faoi 2025 le comhionannas inscne agus le cumhachtú na mban;

(o) go dtabharfaí ar aird agus go gcuirfí chun feidhme na moltaí sa rún ón bParlaimint an 10 Márta 2022 maidir le GAP III AE, agus, ar an gcaoi sin, tús áite a thabhairt do GAP III i ngach gné de ghníomhaíocht sheachtrach AE trí chur chuige atá claochlaitheach maidir le caidrimh inscne, agus trasnach, i dtéarmaí chlúdach geografach GAP III agus réimsí gníomhaíochta araon, chomh maith le príomhshruthú inscne i ngach réimse den ghníomhaíocht sheachtrach, bíodh sé an trádáil, an beartas forbartha, an chabhair dhaonnúil, an tslándáil nó earnálacha amhail fuinneamh agus talmhaíocht nó ná bíodh;

(p) beartais a cheapadh, a chistiú agus a chur chun feidhme lena laghdaítear ról na hinscne mar ghné den bhochtaineacht laistigh den Aontas agus, trí ghníomhaíocht sheachtrach, lasmuigh den Aontas araon, agus aird chuí á

tabhairt ar fhachtóirí trasnacha, lena n-áirítear aois, freagrachtaí cúraim, míchumas, cine agus gnéasacht;

(q) aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna sistéamacha bhochtaineacht na mban, mná agus cailíní ina n-éagsúlacht uile a chumhachtú trí oideachas, oiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil, deiseanna saothair neamh-idirdhealaitheacha, rochtain ar sheirbhísí sóisialta, freagrachtaí cúraim gan phá agus freagrachtaí sóisialta a chothromú trí thionscnaimh reachtacha, steiréitíopáil inscne a chomhrac agus mná a chur chun cinn mar eiseamláirí;

(r) á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí, reachtaíochta agus forfheidhmithe ar na bearta atá ann cheana chun cearta oibrithe tí, ar mná iad, a áirithiú;

(s) feabhas a chur ar fhreagairt, acmhainní agus sraith straitéisí an Aontais, go hinmheánach agus go seachtrach araon, maidir le foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh, gnéasach, fisiciúil, síceolaíoch agus eacnamaíoch, go háirithe i limistéir chogaidh, agus imirce, striapachas agus teacht i dtír gnéasach á gcur san áireamh;

(t) a áirithiú go mbeidh rochtain ag mná ina n-éagsúlacht uile ar sheirbhísí sláinte, go háirithe do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo, lena n-áirítear oideachas gnéasachta agus caidrimh atá oiriúnach ó thaobh aoise de, frithghiniúint, ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, cúram sláinte do mháithreacha agus seirbhísí sláinte cúram-bhunaithe;

(u) a iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna inscne i gcomhthéacs an aistrithe ghlais, i bhfianaise thionchar trasnach agus díréireach an athraithe aeráide ar mhná agus ar chailíní, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, ag tabhairt dá haire nach bhfuil éifeachtaí an athraithe aeráide neodrach i dtaobh inscne;

(v) tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a thacaíonn le cearta na mban agus iad a neartú;

2. á threorú dá hUachtarán an moladh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, agus an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA NEINTITEAS NÓ NA NDAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.